

Ainm: _____

An tSraith

Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Ceannaireacht
agus Bainistíocht ar
Chlár na Folláine i
gCuraclam
na Sraithe
Sóisearaí
Fómhar 2019



Ag Breathnú ar an Scoil Againne


CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Bainistíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm churaclam na scoile	<p>Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan agus cothrom ar fáil.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistíocht éifeachtúil ar pleanáil a bhaineann leis an gcuraclam.</p> <p>Tá an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach tiomanta do chinntiú go gcuirtear curaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a chuireann eispéiris foghlama luachmhara ar fáil, agus tá siad ag obair chuige sin.</p> <p>Don chuid is mó, déanann an príomhoide deimhin de go bhfuil an leithdháileadh tráthchlár do gach ábhar i gcomhréir leis na treoirlínte sa siollabas/sonrúchán ábhair.</p>	<p>Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan agus cothrom ar fáil, ag déanamh iarrachtaí meáite agus oilte chun freastal ar riachtanais na scoláirí.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistíocht straitéiseach agus éifeachtúil ar pleanáil a bhaineann leis an gcuraclam.</p> <p>Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach go cuspóireach chun a chinntiú go gcuirtear na gnéithe uile de churaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a thugann eispéiris foghlama luachmhara do na scoláirí uile.</p> <p>Déanann an príomhoide deimhin de go leithdháiltear am cuí do gach ábhar ar tháthchlár na scoile, i gcomhréir leis na treoirlínte sa siollabas/sonrúchán ábhair agus riachtanais aitheanta na scoláirí.</p>

Conas atá ag éirí linn?



Imlitir ROS 55/2019 agus Clár na Folláine

Lth. 9
Imlitir 55/2019

<p>Folláine</p>	<p>Ionchorprófar sa réimse foghlama seo an fhoghlaim a áirítear go traidisiúnta in OSSP, Corpoideachas agus in OSPS.</p> <p>Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach íosta ama ann thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí agus ba chóir go gcuirfí ar fáil í don Chorroideachas, OSPS agus OSSP:</p> <p>Corpoideachas: 135 uair an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain. OSPS: 70 uair an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain OSSP: 70 uair an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain</p> <p>Tabhair faoi deara go gcaithfear OSPS a sholáthar i ngach ceann de thrí bliana na Sraithe Sóisearaí.</p> <p>Is iad a leanas na roghanna atá ar fáil*:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Na sonraíochtaí do ghearrchúrsaí CNCM in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig an ceann); • Gearrchúrsaí saindeartha ag an scoil nó atá deartha go seachtrach in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig) ag baint úsáide as teimpléad CNCM agus 'Treoirlínte maidir le forbairt do ghearrchúrsa féin', atá le fáil in aguisín 1; • Cláir/modúil/aonaid eile atá saindeartha ag an scoil le haghaidh OSSP, OSPS, Corpoideachas arna bhforbairt ag baint úsáide as Aguisín I de Threoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí de chuid an CNCM; • Siollabas an Teastais Shóisearaigh do OSSP (1996),
<p></p>	<p>siollabas an Teastais Shóisearaigh OSPS (2000), an Siollabas Corpoideachais (2003),</p> <p>Tabhair faoi deara:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Féadfaidh scoileanna réimsí eile a chur san áireamh ina soláthar d'Fholláine, mar atá sonraithe i mír 2.6 <p><i>*Nó teaghlaim de na roghanna sin a fhad is go gcomhlíontar an íostairseach ama thar na trí bliana do Chorroideachas, OSPS agus OSSP.</i></p>

Folláine sa Churaclam Sceidealaithe

Rang amháin uair an chloig gach seachtain = 33 uair sa bhliain

Beidh sé indéanta ag scoláirí a théann isteach sa chéad bhliain i Méan Fómhair 2019 tabhairt faoi cheann amháin nó níos mó de na gearrchúrsaí Folláine (OSSP, OSPS, agus CO) i dteannta ceithre ghearrchúrsa eile ar a mhéad i réimsí eile den churaclam

Rang amháin 40-nóimead gach seachtain = 22 uair sa bhliain

Tairseach Íosmhéid ama
OSSP 70 Uair
OSPS 70 Uair
CO 135 Uair
Thar trí bliana, Bl.1, Bl.2 & Bl.3

Gearrchúrsaí Folláine
100 Uair

400 uair sceidealaithe thar trí bliana den tSraith Shóisearach do scoláirí ag teacht isteach i M.F. 2020

Clár ama do Phlean Curaclam na Folláine do lucht na Chéad Bhliana 2020					
		Bl. 1	Bl. 2	Bl. 3	Iom. Uair.
OSPS	Líon Uaireanta				
	Rogha Tógtha				
OSSP	Líon Uaireanta				
	Rogha Tógtha				
CO	Líon Uaireanta				
	Rogha Tógtha				
Aonaid Foghlama eile	Líon Uaireanta				
Iomlán Uaireanta					400

Comhairliúchán

Comhairliúchán

Cén chaoi?

Cén acmhainn/tacaí ar úsáid tú? Cé a bhí páirteach? Cén uair?

Foireann Scoile

Scoláirí

Comhairliúchán

Comhairliúchán

Cén chaoi? Cén acmhainn/tacaí ar úsáid tú? Cé a bhí páirteach? Cén uair?

Tuismitheoirí

Céard a d'oibrigh go maith?

Céard nár oibrigh?

An raibh an comhairliúchán éifeachtach chun fíor-riachtanais na scoláirí i réimse Folláine a shainithint?



Samhail Lundy den Rannpháirtíocht

Cuireann an tSamhail bealach nua ar fáil chun Alt 12 den Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL) a shamhlú arb é a sprioc aird lucht cinnteoireachta a dhíriú ar cheithre ghé den soláthar.

Spás: Ní mór an deis a thabhairt do leanaí tuairim a nochtadh.

Guth; Ní mór a chur ar chumas leanaí a dtuairimí a nochtadh trí éascaíocht


Éisteacht: Ní mór éisteacht leis an tuairim.

Tionchar: Ní mór gníomhú de réir na tuairime, mar is cuí

Léiríonn an tsamhail go bhfuil na gnéithe seo idircheangailte. Tá a lán den ábhar céanna le fail go háirithe idir (a) spás agus guth, agus (b) lucht éisteachta agus tionchar.

Ar an dara dul síos, léiríonn sé go bhfuil cróineolaíocht shoiléir i gceist in Alt 12.

Is í an chéad chéim a chinntiú go mbíonn ceart ag an leanbh tuairim a nochtadh. Ina dhiaidh sin, tá an ceart ag an leanbh go dtabharfaí ualú cuí dá thuairim. Os a choinne sin, sa mhéid is go n-aithnítear gurb annamh a bhíonn na próisis chinnteoireachta ina stad, admhaítear sa tsamhail nuair a chuirfear in iúl don leanbh an tionchar a bhí ag a dtuairim, gur féidir an próiseas a thosú arís.



Mar chuid den Straitéis Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht 2015 – 2022, tá seicliosta déanta ag an Ollamh Lundy, i gcomhar le foghrúpa forbartha straitéise ar a bhfuil ionadaithe ó ranna agus ó fhorais Rialtais, seicliosta le haghaidh rannpháirtíochta (Féach an Fíor thíos). Is í an aidhm ata leis an seicliosta sin cabhrú le heagraíochtaí, a bhíonn ag obair le agus ar son leanaí agus daoine óga, chun cloí le hAlt 12 den CNAACL agus chun a chinntiú go mbíonn an spás ag leanaí a gcuid tuairimí a chur in iúl; a nguth a thabhairt; lucht éisteachta a bheith acu dá dtuairimí; agus tionchar a bheith ag a gcuid tuairimí.

SPÁS

- Ar ghníomhaigh tú chun tuairimí do scoláirí a lorg?
- An raibh spás sábháilte ar fáil ina bhféadfadh na scoláirí iad féin a chur in iúl go héasca?
- Ar tógadh céimeanna chun a chinntiú gur féidir le gach scoláire a bheith rannpháirteach?

GUTH

- Ar tugadh eolas cuí do na scoláirí le bheith in ann barúil a nochtadh?
- An bhfuil a fhios ag scoláirí nach gá dóibh a bheith rannpháirteach?
- Ar tugadh réimse roghanna do scoláirí ionas gur féidir leo an dóigh is mian leo iad féin a chur in iúl a roghnú?

ÉISTEACHT

- An bhfuil nósanna imeachta in áit chun go mbeidh tuairimí na scoláirí á roinnt agus á chloisteáil?
- An bhfuil a fhios ag scoláirí cé leis a mbeidh a gcuid tuairimí á roinnt?
- An bhfuil cumhacht ag an duine / ngrúpa sin le cinntí a dhéanamh?


TIONCHAR

- An bhfuil cumhacht ag an duine / ngrúpa sin a d'éist le tuairimí na scoláirí le cinntí a dhéanamh?
- An bhfuil nósanna imeachta in áit a chinnteoidh go nglactar dáiríre le tuairimí na scoláirí?
- Ar tugadh aiseolas do na scoláirí agus do na daoine óga chun na cinntí a tógadh a mhíniú?

Leideanna Rannpháirtíochta Shamhail Lundy

Agus Seicliosta Samhail Lundy in úsáid agat agus tú ag machnamh ar an gcomhairliúchán le scoláirí i do scoilse, smaoinigh cén chaoi a dtabharfá faoin bpróiseas comhairliúcháin in athuair

Cén cheist is
mó a théann i
bhfeidhm ort?



Guth an Fhoghlaimeora sa Churaclam



Déan machnamh ar cheithre
phríomhchoincheap Shamhail Lundy agus tú
ag éisteacht le tionscadal ghuth an
Fhoghlaimeora i gceann de na hlar-
bhunscoileanna.


SPÁS

GUTH

ÉISTEACHT

TIONCHAR

Idirbheartaíochta le Scoláirí maidir leis an gCuraclam



SPÁS

GUTH

Meabhraigh ar na ceithre phríomhchoincheapa i Samhail Lundy agus tú ag cloisteáil faoin gcaoi ina dtéitear i mbun idirbheartaíochta le scoláirí maidir leis an gcuraclam

ÉISTEACHT

TIONCHAR

AGUIŚÍN A: GEARRCHÚRŚAÍ CNM AGUŚ CLÁIR FOLLÁINE ŚA TŚRAITH ŚHÓIŚEARACH

GEARRCHÚRŚA C. OIĐ.

ŚNÁITHE 1 GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP ĐON TŚLÁINTE AGUŚ ĐON FOLLÁINE

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

Conas monatóireacht a dhéanamh ar a

Gníomhaíocht choirp do chách chorpacmhainn/ corpacmhainn agus í a fheabhsú

1.1 spriocanna SICRU a shocrú bunaithe ar a thorthaí/torthaí corpacmhainne a bhaineann le sláinte agus/nó feidhmiú, faoi réir noirm dá aois/haois agus dá ghnéas/gnéas

1.2 prionsabail na traenála a chur i bhfeidhm laistigh de chlár pearsantaithe gníomhaíochta choirp (a mhaireann ar a laghad sé seachtaine) atá deartha lena chorpacmhainn/ corpacmhainn a bhaineann le sláinte agus/nó feidhmiú a fheabhsú, ag doiciméadú a dhul/dul chun cinn

1.3 a rannpháirtíocht agus a dhul chun cinn sa chlár a mheasúnú, ag tabhairt fianaise ar an dul chun cinn atá bainte amach agus bealaí a shainaithint inar féidir leis/léi forbairt a thuilleadh

1.4 réimse teicnící tomhaiste le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar leibhéil gníomhaíochta choirp ar feadh tréimhse ama mharthanach

1.5 réimse straitéisí a shainaithint le tacú le rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht choirp a bhaineann le sláinte.

1.6 bheith i gceannas ar gníomhaíochtaí choirp a thaitníonn le daoine óga agus atá siad in ann a dhéanamh leis na moltaí le haghaidh bunleibhéal gníomhaíochta choirp atá riachtanach don tsláinte a bhaint amach.



Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 2: CLUICHÍ

Foghlaimíonn scoláirí faoi dhá cheann de na catagóirí cluichí.

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH





















FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Cluichí ionraidh	2.1 réimse leathan scileanna agus straitéisí luaile a úsáid go héifeachtach chun a bhfeidhmíocht féin a fheabhsú	 				
Cluichí buailte agus gabhála	2.2 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha phearsanta	 				
Cluichí cúirt roinnte	2.3 gníomhaíochtaí a leasú nó a mhodhnú chun cuimsiú agus taitneamh a chur chun cinn ar mhodh sábháilte	 				
	2.4 gníomhaíochtaí a léiriú chun feabhas a chur ar a gcorpacmhainn ar son a sláinte agus/nó i gcoibhneas lena bhfeidhmíocht i gcluiche áirithe agus lena aghaidh, lena n-áirítear ullmhú agus fuarú	 				
	2.5 freagairt, ina n-aonair agus mar bhall foirne do chásanna difriúla cluichí.	 				

SNÁITHE 3: DÚSHLÁIN AONAIR AGUS FOIRNE

Foghlaimíonn scoláirí faoi dhá cheann de na réimsí gníomhaíocht choirp.

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Treoshuíomh agus dúshláin foirne	3.1 straitéisí treodóireachta agus scileanna léamh mapa a úsáid chun imeachtaí éagsúla treodóireachta a dhéanamh go sábháilte agus go muiníneach ag léiriú measa ar an gcomhshaol	 				
Uiscíocht/Lúthchleasaíocht	3.2 cur le dúshláin foirne a éilíonn comhoibriú agus scileanna réitithe fadhbanna chun sprioc chomónta a bhaint amach	 				
	3.3 machnamh ar a gcion phearsanta féin agus ar éifeachtúlacht a bhfoirne i dtaca le dúshlán grúpa a chur i gcrích.					
	3.4 feidhmiú go cumasach agus go muiníneach i gceann réimse de bhéimeanna snámha	 				
	3.5 freagairt go cúí do réimse cásanna sábháilteacht uisce	 				
	3.6 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta in uiscíocht	 				

Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 4: DAMHSA AGUS GLEACAÍOCHT

Foghlaimíonn scoláirí faoi **cheachtar** díobh gleacaíocht nó damhsa sa snáithe seo.

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEAJSACH

<i>Foghlaimíonn an scoláire maidir le...</i>	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</i>	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEAJSACH
Sraith luailí a chruthú	4.1 damhsa a chruthú leis féin nó le daoine eile, ina bhfuil stíl roghnaithe rince agus réimse de theicnící córagrafacha agus frapaí oiriúnacha agus ceol Nó						
Machnamh a dhéanamh ar léiriú	4.2 sraith luailí nó gnáthamh a chruthú bunaithe ar théama gleacaíochta (leo féin nó le daoine eile), agus réimse de theicnící cumadóireachta agus de scileanna gleacaíochta bheith ann						
Léiriú a dhéanamh	4.3 a bheachtú de réir critic ar fhíseán dá léiriú agus/nó aiseolais ó dhaoine eile						
	4.4 an tsraith luailí damhsa/gleacaíochta a léiriú do lucht féachana agus ceol agus/nó frapaí cuí a bheith léi						
	4.5 machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuair siad ag cruthú léirithe agus ag glacadh páirte ann						

GEARRCHÚRSA OSPS

SNÁITHE 1: CÉ MÉ?

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

		GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Conas a fheictear dom mé féin agus daoine eile	1.1 an tábhacht a thuiscint a bhaineann lena bhféinmheas féin agus cuid daoine eile a ardú						
	1.2 fáiltiú roimh dhifriocht idir dhaoine aonair bunaithe ar an tuiscint atá acu dá n-uathúlacht féin						
Bheith i d'ógánach	1.3 páirt a ghlacadh i bplé eolasach ar thionchar na forbartha fisicí, mothúchánaí, síceolaíche agus sóisialta le linn na hógántachta						
	1.4 a aithint conas a bhaineann gnéasacht agus féiniúlacht inscne le bheith i do dhuine daonna agus go bhfuil toisí bitheolaíocha, síceolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus spioradálta leis						
Féinbhainistíocht	1.5 spriocanna pearsanta gearr-, meán-, agus fadtéarmacha a aithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach						
	1.6 scileanna cinnteoireachta a chur i bhfeidhm i réimse suíomhanna						
	1.7 eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú						
Mo chearta agus cearta daoine eile	1.8 míniú a thabhairt conas is féidir le steiréitíopáil cur le tuiscint agus le taithí duine ar chearta agus ar fholláine						
	1.9 an tábhacht a thuiscint atá le hiompar measúil agus cuimsitheach chun timpeallacht shábháilte a chur chun cinn atá saor ó leatrom						

Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 2: AIRE A THABHAIRT DOM FÉIN AGUS DO DHAOINE EILE

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH





































MEAS

FEASACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH	
Fanacht folláin	2.1 a mheas conas a chuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine							
	2.2 léirmheas a dhéanamh ar éifeacht na meán, na fógraíochta agus tionchair eile ar chinntí an duine faoin tsláinte agus faoin bhfolláine							
	2.3 cur síos a dhéanamh ar cad a chuireann an muintearas chun cinn i scoil, ag baile agus sa phobal trí chéile agus ar a ról féin chun timpeallacht chuimsitheach a chruthú							
	2.4 idirdhealú a dhéanamh idir aire atá oiriúnach a thabhairt agus a fháil							
Úsáid substaintí	2.5 na scileanna pearsanta agus sóisialta a thaispeáint chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú chun toitíní a chaitheamh, alcól a ól agus/nó substaintí eile a úsáid							
	2.6 meabhrú ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena n-úsáid féin drugaí nó le húsáid daoine eile							
	2.7 léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí							
Cumarsáid mheasúil	2.8 scileanna na héisteachta gníomhaí agus na freagartha cuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla							
	2.9 scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas							
Frithbhulaíocht	2.10 cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta							
	2.11 breithmheas a thabhairt ar ról rannpháirtithe agus lucht féachana i dteagmhais bhulaíochta							
	2.12 athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta agus ar threoirínte sábháilteacht idirlín na scoile agus míniú a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann d'iompar agus do shábháilteacht phearsanta scoláirí							
























































Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 3: DUL I BPÁIRT LE CHÉILE

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</i>	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH	
Cara bheith agat agus tú a bheith i do chara	3.1 a oibriú amach cad atá luachmhar ag daoine óga i gcaidrimh éagsúla agus conas a athraíonn sé sin le himeacht aimsire							
	3.2 meonta, scileanna agus dearchtaí a mheas a chabhraíonn chun cairdeas a dhéanamh, a choimeád agus a chríochnú go measúil							
	3.3 a gcumas a aithint chun cairdeas a dhéanamh agus a bheith acu							
An speictream caidrimh	3.4 na tionchair éagsúla ar chaidrimh agus ar leibhéil dlúthchaidrimh a mhíniú							
	3.5 anailís a dhéanamh ar dheacrachtaí caidrimh a mbíonn taithí ag daoine óga orthu							
Gnéasacht (collaíocht), féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis	3.6 cur síos a dhéanamh ar thorthúlacht, giniúint, forbairt réamhbhreithe agus breith, agus na ceisteanna sláinte ar leith a bhaineann le gach ceann acu							
	3.7 a mhíniú cad a chiallaíonn sé aire a thabhairt dá sláinte ghnéis							
	3.8 scileanna cumarsáide treallúsaí a thaispeáint chun tacú le cinnteoireacht fhreagrach, eolasach faoi chaidreamh agus faoi shláinte ghnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de							
	3.9 meabhrú ar na gnéithe pearsanta agus sóisialta den ghnéaschlaonadh agus den fhéiniúlacht inscne							
Tionchar na meán ar chaidreamh agus ar ghnéasacht	3.10 anailís chriticiúil a dhéanamh ar úsáid íomháineachas ghnéasach agus ar steiréitíopáil inscne i gcineálacha éagsúla meán							
	3.11 léirmheas a dhéanamh ar thionchar na meán ar a dtuiscint ar chollaíocht agus ar shláinte ghnéis							

Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 4: MO SHLÁINTE MHEABHRACH

<i>Foghlaimíonn an scoláire maidir le...</i>	<i>Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</i>	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Sláinte mheabhrach dhearfach	4.1 a mhíniú cad a chiallaíonn sé sláinte mheabhrach dhearfach bheith agat						
	4.2 an tábhacht a aithint a bhaineann le rudaí a phlé go mion lena n-áirítear na naisc a aithint idir smaointe, mothúcháin agus iompar						
	4.3 roinnt teicnící scithe a chleachtadh						
Sláinte mheabhrach agus easláinte mheabhrach	4.4 páirt a ghlacadh i bplé eolasach ar cheisteanna sláinte mheabhrach a mbíonn taithí ag daoine óga agus/nó ag a gcairde agus a dteaghlaigh orthu						
	4.5 tuiscint bheith acu cad a chiallaíonn sé maireachtáil le heasláinte mheabhrach						
	4.6 léirmheas a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte mheabhrach atá ar fáil do dhaoine óga go háitiúil						
	4.7 tábhacht úsáid substaintí do shláinte mheabhrach an duine a mhíniú						
Ócáidí géara coscracha a láimhseáil	4.8 réimse straitéisí a chleachtadh le teacht aníos a mhéadú						
	4.9 scileanna le plé le fadhbanna a úsáid le dúshláin an tsaoil a bhainistiú						
Cailleadh agus méala	4.10 an réimse leathan ócáidí saoil inarbh fhéidir leo taithí bheith acu ar chailleadh agus ar mhéala a mhíniú						
	4.11 na freagairtí pearsanta, sóisialta, mothúcháin agus fisiceacha i leith cailte agus méala a leagan amach						
	4.12 comparáid a dhéanamh ar na bealaí ina gcuirtear cailleadh agus méala i láthair i gcomhthéacsanna agus i gcultúir éagsúla						
	4.13 a mhíniú conas a thabharfadh siad aire dóibh féin agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile ar ócáidí cailte agus méala						
							

Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

GEARRCHÚRSA OSSP

SNÁITHE 1: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH	
Dínit an duine – an bunús le cearta an duine	1.1 a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí							
	1.2 láithriú fise a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna							
	1.3 ordlathas nó liosta tosaíochta a chruthú dá riachtanais, mianta agus cearta							
	1.4 ‘ciseán bunriachtanas’ a chur le chéile a léiríonn riachtanais teaghlaigh atá ina gcónaí in Éirinn (ní hé go díreach a gcuid riachtanas eacnamaíoch)							
	1.5 sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais							
Ionstraimí chearta an duine	1.6 scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine							
	1.7 amlíne a chruthú a rianaíonn cad as ar tháinig coincheap chearta an duine, a léiriú cúigear nó níos mó de phríomhdhátaí, imeachtaí, daoine agus cáipéisí							
	1.8 a dtuiscint ar an gcaoi a mbaineann gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe ar nós UNDHR, UNCRC agus ECHR ⁸³ lena saol féin a chur in iúl, i dtéarmaí a gcuid cearta agus a gcuid freagrachtaí araon							
	1.9 samplaí a aithint de chearta sóisialta, cultúrtha, teanga, eacnamaíoch, saoránachta, creidimh, comhshaoil agus polaitiúla							
	1.10 peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta							
	1.11 a léiriú go dtuigeann siad a bhfreagracht féin chun a gcuid cearta an duine féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint							
	1.12 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo							

* D'fhéadfaí gníomhaíocht choirp laistigh den scoil nó lasmuigh di a chuimsiú i dtionscadail ghníomhaíochta saoránachta na scoláirí.

83 Forógra na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (FNACD), Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD)

Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 2: SAORÁNACHT DHOMHANDA

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Inbhuanaitheacht	2.1	a chur in iúl conas atá siad nasctha le agus spleách ar éicea-chórais, daoine agus áiteanna i ngar agus i gcéin					
	2.2	meabhrú ar shainmhínte éagsúla ar an bhforbairt agus a sainmhíniú féin a cheapadh den fhorbairt inbhuanaithe					
	2.3	láithriú físe a chruthú de shonraí ina léiríonn siad a lorg éiceolaíoch					
	2.4	plé a dhéanamh ar thrí cinn nó níos mó de straitéisí maireachtáil inbhuanaithe is féidir leo féin a úsáid ina saol					
Forbairt áitiúil agus dhomhanda	2.5	scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú					
	2.6	tuairim eolach a chur in iúl faoi bhunchúiseanna na bochtaineachta, idir áitiúil agus dhomhanda					
	2.7	plé a dhéanamh le fianaise, ar na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha le forbairt ina gceantar áitiúil féin					
Athrú domhanda a chur i gcrích	2.8	duine amháin agus institiúid amháin a bhfuil cumhacht agus tionchar acu ar shaol an lae inniu a aithint, agus ról gach ceann acu a mhíniú					
	2.9	anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha					
	2.10	a mheas conas is féidir leo cabhrú i leith dúshlán amháin atá roimh an domhan san am i láthair					
	2.11	feachtas chun athrú i réimse na hinbhuanaitheachta a fhiosrú agus na cúiseanna ar éirigh leis nó nár éirigh a mheas					
	2.12	machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo.					

Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

SNÁITHE 3: AN DAONLATHAS A FHIOSRÚ

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH





























FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH	
Ciall an daonlathais	3.1 láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu							
	3.2 cur síos a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus ról ghrúpaí difriúla ina rang/scoil							
	3.3 comparáid a dhéanamh idir dhá chóras rialtais nó níos mó, agus aird ar leith a dhíriú ar na bealaí ina n-idirghníomhaíonn an stát lena shaoránaigh, agus inar féidir le saoránaigh a stát a mhúnlú							
	3.4 an téarmaíocht cheart a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar institiúidí, struchtúir, páirtithe polaitiúla agus ról na hÉireann agus na hEorpa							
	3.5 láidreachtaí agus laigí an phróisis dhaonlathaigh a phlé							
An dlí agus an saoránach	3.6 dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena saol féin							
	3.7 a mhíniú conas a dhéantar agus a chuirtear dlíthe i bhfeidhm, agus a fhabhraíonn siad le himeacht aimsire							
	3.8 ról agus ábharthacht cúirteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhíniú							
	3.9 na naoi bhforais a ainmniú faoina bhfuil idirdhealú mídhleathach i ndlí na hÉireann, agus samplaí a thabhairt							
	3.10 fiosrú a dhéanamh conas a d'úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí.							
Ról na meán i sochaí dhaonlathach	3.11 na hargóintí ar son agus in aghaidh saoirse na meán a phlé							
	3.12 cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i gceann amháin acu seo: <ul style="list-style-type: none"> gluaiseacht um cheartas sóisialta toghchán nó reifreann polaitiúil fiosrúchán coiriúil gluaiseacht chomhshaoil 							
	3.13 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo							


Comhphleanáil i Sonraíochtaí an Ghearrchúrsa

Na sonraíochtaí a iniúchadh chun fiosrú a dhéanamh ar an riachtanas sainaitheanta

CO	OSPS	OSSP



Aonad Foghlama a phleanáil i gclár na Folláine: **Sábháilteacht ar Líne**



Ráitis Foghlama

1. Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1⁵.
2. Éistean, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin.
3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil.
4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigean sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.
5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.
6. Tuigean an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.
7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.
8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigean sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.
9. Tuigean an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórtimpeall air/uirthi.
10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.
11. Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
12. Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.
13. Tuigean an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachála.
14. Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha.
15. Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama.
16. Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.
17. Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla.
18. Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu.
19. Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.
20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.
21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.
22. Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.
23. Tugann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.
24. Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticúil.

An Fhoghlaim a nascadh leis an gCreat don tSraith Shóisearach

Pleanáil do na hAonaid Foghlama i gClár na Folláine

Príomhscileanna

<p>A Bheith Cruthaitheach</p> <p>Samhlú</p> <p>Roghanna agus Comhroghanna a fhiosrú</p> <p>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh</p> <p>Foghlaim go cruthaitheach</p> <p>Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid</p>	<p>Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú</p> <p>A bheith fiosrach</p> <p>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a luacháil</p> <p>Smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn</p> <p>Machnamh ar mo chuid foghlama agus í a luacháil</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun teacht ar ábhar, é a bhainistiú agus a roinnt</p>	<p>Mé féin a Bhainistiú</p> <p>Eolas a chur orm féin</p> <p>Cinntí meabhraithe a dhéanamh</p> <p>Spricanna pearsanta a leagan agus a ghnóthú</p> <p>Bheith in ann machnamh ar m'fhoghlaim féin</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus m'fhoghlaim a bhainistiú</p>	<p>Cumarsáid</p> <p>Éisteacht agus mo thuairimí a nochtadh</p> <p>Taibhiú agus cur i láthair</p> <p>Plé agus díospóireacht</p> <p>Teanga a úsáid</p> <p>Uimhreacha a úsáid</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh</p>
<p>Obair le Daoine Eile</p> <p>Dea-chaidrimh a chothú agus déileáil le coimhlint</p> <p>Comhoibriú</p> <p>Meas ar dhifriochtaí</p> <p>Páirt a ghlacadh chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan</p> <p>Foghlaim le daoine eile</p> <p>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach</p>	<p>Fanacht Folláin</p> <p>A bheith sláintiúil, fisiceach agus gníomhach</p> <p>A bheith sóisialta</p> <p>A bheith sábháilte</p> <p>A bheith spioradálta</p> <p>A bheith féinmhuineach</p> <p>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim</p> <p>A bheith freagrach, slán agus eiticéil ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach</p>	<p>A Bheith Liteartha</p> <p>Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt</p> <p>Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil</p> <p>Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla</p> <p>Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas</p> <p>Mo theanga labhartha a fhorbairt</p> <p>Teacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear teacsanna ilmhódacha</p>	<p>A Bheith Uimheartha</p> <p>Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil</p> <p>Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh</p> <p>Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna</p> <p>Patrúin, treochoil agus coibhneasa a fheiceáil</p> <p>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú</p> <p>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimheartha a fhorbairt</p>

Na Príomhscileanna



GNÍOMHACH

- An rannpháirtí muineach oilte mé i ngníomhaíocht choirp?
- Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil?



FREAGRACH

- An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú?
- An roghnaím bia sláintiúil?
- An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?



CEANGAILTE

- An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?
- An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?



ATHLÉIMNEACH

- An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil?
- An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil?
- An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?



MEAS

- An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?
- An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí?
- An léirim cúram agus meas ar dhaoine eile?



FEASACH

- An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?
- An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh?
- An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?

Tascairí Folláine

Foireann na Folláine



An bhfuil foireann agat don Fholláine?

Cé atá ag comhordú a cuid gníomhaíochtaí?

Cé atá ar an bhfoireann?

Cén uair a bhuaileann siad le chéile? An pianáil leanúnach atá i gceist nó aon uaire?

An bhfuil gach ball eolach ar a ról féin?

Teimpléad Pleanála; Aguisín I

AGUISÍN I: TEIMPLÉAD CHUN TACÚ LE SCOILEANNA AGUS AONAD FOGHLAMA NÍOS GIORRA SAN FHOLLÁINE Á BPLEANÁIL

Teideal an Aonaid	Fad
-------------------	-----

Aidhm an Aonaid

Naisc

Léiríonn na táblaí seo a leanas an chaoi a bhféadfaí _____ (teideal an aonaid) a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

Ráiteas foghlama	Sampla d'fhoghlaim ghaolmhar san aonad
1.	
2.	

Príomhscileanna Leagtar amach na gnéithe agus na torthaí foghlama do na hocht bpríomhscil go mion in Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Roghnaigh na ceithre príomhscil is mó a dtacaítear leo san aonad seo.

An príomhscil	Gné	Gníomhaíocht foghlama an scoláire

Teimpléad Pleanála; Aguisín I

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine an fhoghlaim atá tábhachtach san Fholláine. Cuir ciorcal timpeall na dtáscairí agus na dtuairiscíní a dtacaítear leo leis an bhfoghlaim san aonad seo (Feach I.45)

Torthaí foghlama

Ag deireadh an Aonaid seo beidh sé ar chumas an scoláire...

Gníomhaíochtaí foghlama samplacha

Measúnú

Léireoidh scoláirí fianaise ar a bhfoghlaim nuair a dhéanfaidh siad na nithe seo a leanas...

Acmhainní úsáideacha, naisc ghréasáin agus naisc phobail

Macnamh

Na ráitis ar chleachtas – teagasc agus foghlaim

RÉIMSE 1: TORTHAÍ NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Tá an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag na scoláirí chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint	Léiríonn na scoláirí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Tá siad ábalta an t-eolas seo a úsáid chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine. Tá na scileanna ag na scoláirí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá. Léiríonn na scoláirí dearcadh fiosrach fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu.	Léiríonn na scoláirí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Úsáideann siad an t-eolas seo go cásmhar chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine. Tá na scileanna ag na scoláirí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá, agus aithníonn siad féin an gá chun é seo a dhéanamh. Léiríonn na scoláirí dearcadh fiosrach agus oscailte fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu.

Déan do mhachnamh ar an ráiteas ó Ag Breathnú ar an seo Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna agus smaoinigh faoin gcaoi a bhfuil an clár folláine i do scoil ag forbairt eolas, scileanna, agus dearchtaí do scoláirí thar thrí bliana na sraithe sóisearaí?

Na Chéad Chéimeanna Eile

Na chéad chéimeanna eile: : Cad iad na gníomhaíochtaí ceannaireachta agus bainistíochta ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus clár folláine á chruthú i gcuraclam na Sraithe Sóisearaí

Soláthar Curaclaim

Ar athstruchtúraigh tú curaclam do scoile chun 400 uair de chlár na folláine a thabhairt isteach ó 2020?

Ar shocraigh tú cé acu de na 4 rogha curaclaim a roghnóidh do scoil chun an clár folláine a chur i bhfeidhm?

Comhairliúchan/Rannpháirtíocht

Cén dóigh a ndéanann tú do phróiseas comhairliúcháin a mheas go dtí seo ó thaobh a éifeachtaí a bhí sé chun riachtanais na scoláirí a shainnithint?

Cén dóigh a ndéanfa athbhreithniú air sin arís?

Cé a bheadh rannpháirteach agat? An féidir leat tógáil ar rud ar bith atá ag tarlú i do scoil cheana féin?

Comhpleanáil do theagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú i gclár na Folláine

An bhfuil foireann folláine agat?

- Cé atá á comhordú?
- Cé atá ar an bhfoireann?
- Cá huair a bhuaileann siad le chéile? An pleanáil leanúnach nó aon uaire atá i gceist?
- An bhfuil siad iomlán soiléir maidir leis an ról s'acu?

Ar bhreathnaigh tú siar cén dóigh a ndéantar pleanáil do na riachtanais a sainnithníodh in OSPS/CO/OSSP agus má tá gnéithe ar bith comónta i seachadadh do chlárí fholláine?

Ar fhorbair tú réasúnaíocht do na haonaid foghlama atá curtha isteach agaibh in bhur gclár Folláine?


Measúnú agus Machnamh

Cén chaoi a ndéanfaidh tú measúnú ar an obair a rinneadh go dtí seo?

Cén chaoi a ndéanfaidh tú éifeachtúlacht an chlár a mheas de réir mar a fhorbraíonn sé?



Notái



Lean sinn
ar Twitter



@JCforTeachers



@JctLeadership

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán

Oifig an Stiúrthóra:

LMETB
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan
Co. Lú

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil le: info@jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers